Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15558/23**

**ENT 244**
**MI 992**
**COMPET 1127**
**IND 604**
**CONSOM 412**
**DELACT 182**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 7486 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 10.11.2023<br>maidir leis na coinníollacha chun painéil agus cumhdach dlúthadhmaid a aicmiú, gan tástáil, maidir lena bhfrithghníomh in aghaidh dóiteáin agus lena leasaítear Cinneadh 2006/213/CE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 7486 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 7486 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.11.2023
C(2023) 7486 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 10.11.2023**

**maidir leis na coinníollacha chun painéil agus cumhdach dlúthadhmaid a aicmiú, gan tástáil, maidir lena bhfrithghníomh in aghaidh dóiteáin agus lena leasaítear Cinneadh 2006/213/CE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE[1] ón gComhairle, tá cumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun aicmí feidhmíochta a bhunú i ndáil le saintréithe sár-riachtanacha táirgí foirgníochta. Foráiltear leis an Rialachán freisin nár cheart do mhonaróirí táirgí foirgníochta a bheith faoi réir ualaí nó costais riaracháin neamhriachtanacha. Go háirithe, mar a fhoráiltear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, ba cheart don Choimisiún an córas lena mbaineann an t ualach is éadroime a roghnú chun measúnú agus fíorú a dhéanamh ar sheasmhacht feidhmíochta, a d'fhéadfadh freastal go hiomchuí ar riachtanais na sláinte, na sábháilteachta agus an chomhshaoil fós.

Nuair a bheidh feidhmíocht táirgí foirgníochta áirithe léirithe go leormhaith cheana le torthaí cobhsaí ó thástáil nó le sonraí eile a bhí ann, ba cheart a cheadú dá monaróirí, de réir coinníollacha atá le sonrú, aicme áirithe feidhmíochta a dhearbhú gan na táirgí sin a thástáil nó a thástáil tuilleadh mar a fhoráiltear in Airteagal 27(5) agus in Airteagal 36(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011. Leis an nós imeachta simplithe sin, laghdaítear a thuilleadh ualaí riaracháin agus costais do mhonaróirí. Le Cinneadh 2006/213/CE[2] ón gCoimisiún, bunaíodh cheana féin aicmí den fheidhmíocht i dtaca le frithghníomh in aghaidh dóiteáin maidir le painéil agus cumhdach dlúthadhmaid. I dTábla 2 d'Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin, cuireadh na coinníollacha riachtanacha maidir le haicmiú i láthair gan gá le tuilleadh tástála a dhéanamh ar na táirgí sin. Sa tábla sin, is é mionsonraí an táirge dá dtagraítear ná 'Píosaí adhmaid le nó gan teanga agus eitre agus le nó gan dromchla próifílithe' agus 'Píosaí adhmaid suite ar fhráma tacaíochta'. Leis sin, ní shonraítear go sainráite sa tábla reatha nach bhfuil an fheidhmíocht chruthaithe chobhsaí agus intuartha a bhaineann leis an bhfrithghníomh in aghaidh dóiteáin ar na táirgí sin ráthaithe, faoi na coinníollacha socraithe, ach amháin le haghaidh píosaí adhmaid neamhchóireáilte.

Soiléiríodh, áfach, mar ar thacaigh Coiste Teicniúil ábhartha an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú (CEN)[3] leis agus mar ar thacaigh an Treoir ó Ghrúpa na gComhlachtaí faoina dTugtar Fógra[4], nach bhfuil Tábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2006/213/CE ón gCoimisiún le cur i bhfeidhm ach amháin maidir le painéil agus cumhdach dlúthadhmaid neamhchóireáilte[5]. Deimhníodh leis an taithí agus leis an saineolas, mar aon le comhairliúcháin le sainghrúpaí a rinneadh, nach bhfuil feidhmíocht chobhsaí agus intuartha ag painéil agus cumhdach dlúthadhmaid faoi na coinníollacha atá socraithe, i dtaca le frithghníomh in aghaidh dóiteáin ach amháin nuair nach ndéantar na píosaí dlúthadhmaid a chóireáil.

Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an dlí, ba cheart an coinníoll sin a shonrú go sainráite sa ghníomh aicmithe. Ba cheart, dá bhrí sin, Tábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2006/213/CE a scriosadh agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ina ionad sin.

---

1 IO L 88, 4.4.2011, lch. 5.
2 IO L 79, 16.3.2006, lch. 27.
3 CEN/TC175 'Adhmad cruinn agus sáfa' WG 38.
4 Grúpa na gComhlachtaí faoina dTugtar Fógra – Bunmhír Treorach RFC 0272.
5 Measfar adhmad atá triomaithe in áith a bheith neamhchóireáilte.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Pléadh an dréacht-Rialachán ar dtús i gcruinniú an Ghrúpa Chomhairligh um Tháirgí Foirgníochta[6] an 21 Samhain 2022 agus tíolacadh é le haghaidh comhairliúchán i scríbhinn le saineolaithe idir an 22 Samhain agus an 28 Samhain 2022. Pléadh é freisin i gcruinniú an Ghrúpa Chomhairligh um Tháirgí Foirgníochta an 15 Feabhra 2023. Roimh na céimeanna sin, tugadh deis do na Ballstáit uile saineolaithe a ainmniú chun páirt a ghlacadh iontu. Chomh maith leis na saineolaithe sin, chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara seachtracha eile freisin. Rinneadh na doiciméid a pléadh sa Ghrúpa Comhairleach um Tháirgí Foirgníochta, atá ábhartha don chomhairliúchán i scríbhinn, a tharchur go comhuaineach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, mar a fhoráiltear sa Chomhthuiscint maidir le gníomhartha tarmligthe. Cuireadh na barúlacha a cuireadh i láthair sna comhthéacsanna sin san áireamh agus an dréachtleagan deiridh den ghníomh seo á ullmhú don chomhairliúchán idirsheirbhíse.

Foilsíodh é ar an Tairseach um Rialáil Níos Fearr chun aiseolas a fháil ón bpobal ón 24 Aibreán go dtí an 22 Bealtaine 2023; De réir na mbarúlacha a fuarthas, cuireadh moill ar an teacht i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeadh go leor ama ag cuideachtaí, go háirithe ag micrifhiontair agus fiontair bheaga chun aon tionchar féideartha ina ngníomhaíochtaí a fhíorú. Áiríodh soiléiriú breise sa tábla lena áirithiú go dtuigtear nach mbaineann an focal céim ach amháin le héadain chéime.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

De bhun Airteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, féadfar aicmí feidhmíochta a bhunú i ndáil le saintréithe sár-riachtanacha táirgí foirgníochta. De réir Airteagal 27(1), is féidir é sin a dhéanamh le gníomhartha tarmligthe an Choimisiúin, ach ceadaítear le hAirteagal 27(2) caighdeáin chomhchuibhithe a úsáid chun na críche sin.

Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 27(5), féadfaidh an Coimisiún coinníollacha a bhunú faoina measfar go mbaineann táirge foirgníochta aicme áirithe feidhmíochta amach gan tástáil nó gan tuilleadh tástála, chun tástáil neamhriachtanach ar tháirgí foirgníochta a sheachaint a bhfuil feidhmíocht léirithe go leormhaith ina leith cheana le torthaí cobhsaí ó thástáil nó le sonraí eile atá ann cheana.

Tá na coinníollacha sin le comhlíonadh ansin nuair is mian le monaróir na leibhéil nó na haicmí feidhmíochta sin a chur in ionad chineál-tástáil a tháirge, mar a leagtar amach in Airteagal 36(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011.

Tá an córas aicmithe Eorpach a bunaíodh le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/364[7] ón gCoimisiún, maidir leis an bhfrithghníomh in aghaidh dóiteáin ag táirgí foirgníochta, go háirithe Tábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis, infheidhme maidir le painéil agus cumhdach dlúthadhmaid.

De réir an tsaineolais agus na gcomhairliúchán le sainghrúpaí a rinneadh, tá an fheidhmíocht i dtaca le frithghníomh in aghaidh dóiteáin maidir le painéil agus cumhdach dlúthadhmaid, laistigh den aicmiú dá bhforáiltear le haghaidh Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/364, seanbhunaithe go maith nuair nach ndéantar an dlúthadhmad a chóireáil[8]. Ar an gcúis sin, is féidir a mheas, gan gá le haon tástáil bhreise, go bhfuil an fheidhmíocht i dtaca le

[6] Cód E01329 sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna.
[7] IO L 68, 15.3.2016, lch. 4.
[8] Measfar adhmad atá triomaithe in áith a bheith neamhchóireáilte.

frithghníomh in aghaidh dóiteáin na dtáirgí sin in ann aicme áirithe feidhmíochta a bhaint amach, mar a shainmhínítear sa chóras aicmithe Eorpach a luaitear thuas.

Tá an Rialachán tarmligthe i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ós rud é gurb é gníomh tarmligthe a ghlacadh an bealach is éifeachtúla chun an toradh inmhianaithe a bhaint amach, chun na hualaí riaracháin a mhaolú, agus chun deimhneacht dhlíthiúil a ráthú ag an am céanna. Mar thoradh air sin, maolaítear oibleagáidí riaracháin maidir le gníomhaithe margaidh atá le comhlíonadh ar shlí eile faoi Rialachán (AE) 305/2011, maidir le tástáil táirgí faoina raon feidhme.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.11.2023**

**maidir leis na coinníollacha chun painéil agus cumhdach dlúthadhmaid a aicmiú, gan tástáil, maidir lena bhfrithghníomh in aghaidh dóiteáin agus lena leasaítear Cinneadh 2006/213/CE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE[1] ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 27(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Glacadh córas chun feidhmíocht táirgí foirgníochta a aicmiú i ndáil lena bhfrithghníomh in aghaidh dóiteáin i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/364 ón gCoimisiún[2]. Tá painéil agus cumhdach dlúthadhmaid i measc na dtáirgí foirgníochta lena mbaineann an Rialachán Tarmligthe sin.

(2) I dTábla 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2006/213/CE[3] ón gCoimisiún, bunaíodh aicmí den fheidhmíocht i dtaca le frithghníomh in aghaidh dóiteáin maidir le painéil agus cumhdach dlúthadhmaid. Ní mór na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh sin maidir leis na táirgí sin a shoiléiriú lena chur i bhfeidhm a theorannú go sainráite d'adhmad neamhchóireáilte amháin.

(3) Léiríodh le tástálacha go bhfuil feidhmíocht chobhsaí agus intuartha ag painéil agus cumhdach dlúthadhmaid i dtaca le frithghníomh in aghaidh dóiteáin ar choinníoll go gcomhlíonann siad coinníollacha áirithe maidir le meándlús íosta an adhmaid, tiús íosta na próifíle agus úsáid deiridh an táirge, agus nach bhfuil an t adhmad faoi réir aon chineál cóireála seachas triomú in áith.

(4) Ba cheart a mheas, dá bhrí sin, go sásaíonn painéil agus cumhdach dlúthadhmaid aicme áirithe feidhmíochta i dtaca le frithghníomh in aghaidh dóiteáin a bunaíodh i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/364 faoi na coinníollacha sin go léir gan gá a bheith ann le tuilleadh tástála.

---

1 IO L 88, 4.4.2011, lch. 5.

2 Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/364 ón gCoimisiún an 1 Iúil 2015 maidir le haicmiú na feidhmíochta i dtaca le frithghníomh in aghaidh dóiteáin maidir le táirgí foirgníochta de bhun Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 68, 15.3.2016, lch. 4).

3 Cinneadh 2006/213/CE ón gCoimisiún an 6 Márta 2006 lena mbunaítear na haicmí feidhmíochta i dtaca le frithghníomh in aghaidh dóiteáin maidir le táirgí foirgníochta áirithe a mhéid a bhaineann le hurláir adhmaid agus painéil agus cumhdach dlúthadhmaid (IO L 79, 16.3.2006, lch. 27).

(5) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Tábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2006/213/CE a scriosadh agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo maidir le painéil agus cumhdach dlúthadhmaid a chur ina ionad.

(6) Chun dóthain ama a thabhairt do mhonaróirí, go háirithe fiontair bheaga agus micrifhiontair, measúnú a dhéanamh ar éifeacht an Rialacháin seo ar a ngníomhaíochtaí, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm nócha lá tar éis a fhoilsithe.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Measfar go gcomhlíonann painéil agus cumhdach soladach adhmaid a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn na haicmí feidhmíochta a léirítear san Iarscríbhinn gan tástáil.

*Airteagal 2*

Scriostar Tábla 2, lena n-áirítear fíoracha (a) agus (b), den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2006/213/CE agus cuirtear an tábla, agus fíoracha (a) agus (b), a leagtar amach san Iarscríbhinn ina n-ionad.

Déanfar tagairtí do Thábla 2, agus d'fhíoracha (a) agus (b), den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2006/213/CE a fhorléiriú mar thagairtí don tábla agus do na fíoracha a leagtar amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an nóchadú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10.11.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*